

An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13482/26
ADD 2

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0177(COD)

SIMPL 202
ANTICI 210
INDEF 167
MAP 176
CSC 572
ENV 1117
COMPET 1112
ENT 242
MI 924
CHIMIE 127
CODEC 1722

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 2009/43/CE agus 2009/81/CE, a mhéid a bhaineann le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a shimpliú agus soláthar slándála agus cosanta a shimpliú (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh = Ráiteas

D'iarr an tSlóvaic go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle

Tá Poblacht na Slóvaice den tuairim go mbainfeadh glacadh na Treorach atá beartaithe an bonn den chóras formhaoirseachta agus rialaithe trádála atá ann cheana i dtáirgí an tionscail cosanta laistigh den Aontas, agus go gcruthódh sé ag an am céanna neamhréireachtaí agus míchruinnis sna sonraí staidrimh a theastaíonn ón Aontas féin. Ar an gcúis sin, agus chun maoirseacht agus rialú leordhóthanach ar thrádáil sna hearraí íogaire sin a áirithiú, staonann Poblacht na Slóvaice ón vótáil ar an togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 2009/43/CE agus 2009/81/CE, a mhéid a bhaineann le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a shimpliú agus soláthar slándála agus cosanta a shimpliú [2025/0177 (COD)].